2026/2318

14.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2318 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Deireadh Fómhair 2026

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Ghuine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 ón gComhairle an 22 Nollaig 2009 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Ghuine [1], agus go háirithe Airteagal 15a de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Nollaig 2009, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009.

(2) Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, ba cheart beirt atá éagtha a bhaint den liosta sin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

[1] IO L 346, 23.12.2009, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1284/oj.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009, scriostar iontrálacha 4 agus 5 ó liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(3).